Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 10 Iúil 2026**
**(OR. en)**

**11608/26**

**LIMITE**

**AG 112**

PUBLIC

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Coiste na mBuanionadaithe (Cuid 2) |
| chuig: | An Chomhairle |
| Ábhar: | Ráiteas maidir leis an litir ó Pascal SCHONARD, Stiúrthóir an Údaráis um Páirtithe Polaitiúla Eorpacha agus um Fhondúireachtaí Polaitiúla Eorpacha (APPF), i ndáil le fíorais a chuireann in amhras an gcomhlíonann an Grúpa 'Eoraip na Náisiún Ceannasach' na coinníollacha clárúcháin a bhaineann leis na luachanna ar a bhfuil an tAontas fothaithe<br>– Formheas |

1. An 22 Bealtaine 2026, chuir an tÚdarás um Páirtithe Polaitiúla Eorpacha agus um Fhondúireachtaí Polaitiúla Eorpacha ('an tÚdarás') in iúl, trí bhíthin litir a seoladh chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle agus chuig an gCoimisiún, gur tháinig sé ar an eolas faoi fhíorais a chuireann in amhras an gcomhlíonann an Grúpa 'Eoraip na Náisiún Ceannasach' na coinníollacha maidir le clárú mar pháirtí polaitiúil Eorpach a bhaineann le hurraim do luachanna an Aontais, de réir mar a leagtar síos in Airteagal 3(1), pointí (d) agus (e) de Rialachán 2025/2445 maidir le reacht agus cistiú páirtithe polaitiúla Eorpacha agus fondúireachtaí polaitiúla Eorpacha (athmhúnlú)[1]. Cuireadh an litir agus na hiarscríbhinní a ghabhann léi chuig na toscaireachtaí (9718/1/26 REV 1).

[1] IO L, 2025/2445, 8.12.2025.

2. Leagtar amach in 10229/26 an nós imeachta arna thionscnamh le litir an Údaráis de bhun an Rialacháin. Tá an deis ag Parlaimint na hEorpa, ag an gComhairle nó ag an gCoimisiún a dhearbhú go bhfuil sé ar intinn acu iarraidh ar fhíorú a thaisceadh laistigh de 2 mhí tar éis dóibh an fhaisnéis a fháil, rud a fhágann gurb é an 21 Iúil an spriocdháta sa chás seo. De réir an Rialacháin, is leor iarraidh ar fhíorú a fháil ó cheann amháin de na hinstitiúidí chun go gcuirfear tús leis an bpróiseas fíorúcháin sin. Chinn Parlaimint na hEorpa an iarraidh sin a thaisceadh ag an seisiún iomlánach a bhí aici an 7 Iúil.

3. Sa Chomhairle, tugadh aghaidh ar an tsaincheist an 28 Bealtaine agus an 25 Meitheamh 2026 ag cruinnithe den Mheitheal um Ghnóthaí Ginearálta agus an 26 Meitheamh agus an 10 Iúil 2026 ag cruinnithe de Coreper. Ag an gcruinniú deireanach a bhí aige, tháinig Coreper ar chomhaontú maidir le téacs dréachtráitis a d'ullmhaigh an Uachtaránacht, inar thug an Chomhairle dá haire an vótáil i bParlaimint na hEorpa.

4. Iarrtar ar an gComhairle, dá bhrí sin, téacs an Ráitis, mar a leagtar amach in 11435/26 é, a fhormheas agus a chinneadh é a chur ar fáil don phobal.



PUBLIC